2025/1536

30.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1536 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Iúil 2025

lena leagtar amach an nós imeachta maidir le hacmhainneacht fheabhsaithe éigeandála Thascfhórsa Sláinte an Aontais a shlógadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú ([1]), agus go háirithe Airteagal 11a(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bhunaigh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú ('ECDC') Tascfhórsa Sláinte an Aontais, lena gcuimsítear acmhainneacht bhuan agus acmhainneacht fheabhsaithe éigeandála chun tacú le heipidéimí a chosc, ullmhú dóibh agus freagairt orthu.

(2) Comhordaíonn an acmhainneacht bhuan gníomhaíochtaí uile Thascfhórsa Sláinte an Aontais agus déanann sí nósanna imeachta Thascfhórsa Sláinte an Aontais, módúlachtaí oibre, cuspóirí, cúraimí agus pleanáil oibre bhliantúil a bhainistiú. Feidhmíonn an acmhainneacht fheabhsaithe éigeandála chun na hacmhainní uile laistigh de Thascfhórsa Sláinte an Aontais a ghiaráil a mhéid is féidir, is é sin an acmhainneacht bhuan agus an díorma saineolaithe araon, chun an fhreagairt ar éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais a éascú.

(3) I gcás ina n-aithníonn an Coimisiún éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tá an acmhainneacht fheabhsaithe éigeandála le slógadh arna iarraidh sin go comhpháirteach ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún. Ba cheart do ECDC an slógadh sin a dhéanamh.

(4) Is é is aidhm do shlógadh na hacmhainneachta feabhsaithe éigeandála freagairt Thascfhórsa Sláinte an Aontais a éascú le linn éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais trí rannpháirtíocht shaineolaithe Thascfhórsa Sláinte an Aontais sa bhreis ar an acmhainneacht bhuan agus an cúnamh a thugann siad do na Ballstáit a chuireann isteach iarraidh ar chúnamh. D'fhéadfadh imscaradh saineolaithe Thascfhórsa Sláinte an Aontais sna Ballstáit sin, é sin nó ciantacaíocht a bheith i gceist leis an gcúnamh sin.

(5) Le linn éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún dul i gcomhairle le chéile laistigh den Choiste Slándála Sláinte dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2371 maidir leis an ngá atá le slógadh na hacmhainneachta feabhsaithe éigeandála a iarraidh.

(6) A luaithe a shlógfar an acmhainneacht fheabhsaithe éigeandála, ba cheart d'aon Bhallstát a bheith in ann iarraidh ar chúnamh a chur faoi bhráid ECDC. Ba cheart do ECDC an Coiste Slándála Sláinte agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi iarrataí ar chúnamh a fuarthas ó na Ballstáit.

(7) Ba cheart do ECDC an Coiste Slándála Sláinte agus an Coimisiún a chur ar an eolas go tréimhsiúil faoi phríomhthorthaí na ngníomhaíochtaí a dhéanann an acmhainneacht fheabhsaithe éigeandála agus cúnamh á thabhairt do na Ballstáit.

(8) Tá an nós imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte,

([1]) IO L 142, 30.4.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/851/oj.
([2]) Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE (IO L 314, 6.12.2022, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2371/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Tar éis éigeandáil sláinte poiblí a aithint ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2022/2371, rachaidh na Ballstáit agus an Coimisiún i gcomhairle le chéile laistigh den Choiste Slándála Sláinte dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2371 chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le slógadh na hacmhainneachta feabhsaithe éigeandála a iarraidh.

2. Má chomhaontaíonn dhá Bhallstát ar a laghad agus an Coimisiún gur gá slógadh na hacmhainneachta feabhsaithe éigeandála a iarraidh, cuirfidh an Coimisiún iarraidh chomhpháirteach ar shlógadh faoi bhráid ECDC gan mhoill agus cuirfidh sé gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais chomh maith leis na Ballstáit ar an eolas faoin iarraidh chomhpháirteach sin tríd an gCoiste Slándála Sláinte.

Airteagal 2

1. Tar éis do ECDC an iarraidh chomhpháirteach a fháil i gcomhréir le hAirteagal 1(2), déanfaidh sé an acmhainneacht fheabhsaithe éigeandála a shlógadh agus cuirfidh sé na Ballstáit uile ar an eolas gan mhoill tríd an gCoiste Slándála Sláinte faoi na mionsonraí praiticiúla a bhaineann le hiarrataí ar chúnamh ó shaineolaithe Thascfhórsa Sláinte an Aontais a chur faoi bhráid ECDC.

2. Cuirfidh ECDC an Coiste Slándála Sláinte agus an Coimisiún ar an eolas faoi iarrataí na mBallstát ar chúnamh ó shaineolaithe Thascfhórsa Sláinte an Aontais. Déanfaidh ECDC measúnú ar na riachtanais le haghaidh cúnaimh agus déanfaidh sé comhordú leis an gCoimisiún agus leis an gCoiste Slándála Sláinte chun tosaíocht a thabhairt do na hiarrataí a fhaightear, agus ar an gcaoi sin cuirfidh sé riachtanais na mBallstát a d'iarr cúnamh agus acmhainní Thascfhórsa Sláinte an Aontais san áireamh.

Airteagal 3

Tiocfaidh deireadh le slógadh na hacmhainneachta feabhsaithe éigeandála nuair a chuirfear deireadh leis an éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais ar lena linn a slógadh í.

Airteagal 4

Déanfaidh ECDC faireachán ar na gníomhaíochtaí uile a dhéantar leis an acmhainneacht fheabhsaithe éigeandála agus ullmhóidh sé tuarascálacha míosúla don Choiste Slándála Sláinte agus don Choimisiún maidir le príomhthorthaí na ngníomhaíochtaí a dhéantar leis an acmhainneacht fheabhsaithe éigeandála.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN